TREORACHA

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/971 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Meitheamh 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE ón gComhairle maidir le síol plandaí farae a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE ón gComhairle maidir le síol gránach a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE ón gComhairle maidir le síol biatais a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE ón gComhairle maidir le síol glasraí a mhargú agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE ón gComhairle maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú, a mhéid a bhaineann le húsáid teicnící bithcheimiceacha agus móilíneacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú ([1]), agus go háirithe Airteagal 21a de,

Ag féachaint do Threoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú ([2]), agus go háirithe Airteagal 21b de,

Ag féachaint do Threoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú ([3]), agus go háirithe Airteagal 27 de,

Ag féachaint do Threoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú ([4]), agus go háirithe Airteagal 45 de,

Ag féachaint do Threoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú ([5]), agus go háirithe Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, ní fhéadfar síol na speiceas faoi seach a mhargú san Aontas ach amháin má rinneadh é a scrúdú agus a dheimhniú go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil, i gcomhréir leis na rialacha maidir le deimhniúcháin i ndáil leis an tsíl réamhbhunúsach, an síl bhunúsach nó an tsíl dheimhnithe a ghiniúint.

(2) I gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, tá an scrúdú le haghaidh deimhniúcháin bunaithe ar bhreathnú leis an tsúil ar fheinitíopa an bhairr ar an láthair ag údarás deimhniúcháin gach Ballstáit nó faoina mhaoirseacht agus an rialú oifigiúil iar-aimseartha. Ní thagraítear go sainráite sna Treoracha thuasluaite, áfach, d'úsáid aon teicníc eile le haghaidh seiceáil ar an láthair ná seiceáil rialaithe iar-aimseartha i leith sainaitheantas cineáil i gcomhthéacs an deimhniúcháin, rud a d'fhéadfadh easpa soiléireachta a chruthú maidir lena chur chun feidhme.

(3) Le teicnící bithcheimiceacha agus móilíneacha ("TBM") is féidir faisnéis a léiriú maidir le struchtúr géiniteach orgánach beo. Le húsáid TBM, cuirtear ar chumas na n-údarás deimhniúcháin an cineál planda a shainaithint ar bhonn anailíse saotharlainne seachas ar bhreathnú leis an tsúil ar fheinitíopa na bplandaí ar an láthair.

(4) Tá forbairt thapa á déanamh ar TBM i bpórú plandaí agus i dtástáil síolta agus tá méadú ag teacht ar an tábhacht a bhaineann lena n-úsáid in earnáil na síolta. Le Scéimeanna Síolta na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([6]), leagtar síos nósanna imeachta, bearta agus teicnící chun gur féidir TBM a úsáid mar uirlis fhorlíontach le haghaidh iniúchtaí ar an láthair agus le haghaidh tástála ar dháileacht talún chóimheasa, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann maidir le sainaitheantas chineál an tsíl, chun críche scrúdú feinitíopach.

([1]) IO 125, 11.7.1966, lch. 2298.
([2]) IO 125, 11.7.1966, lch. 2309.
([3]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 12.
([4]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 33.
([5]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 74.
([6]) Scéimeanna Síolta ECFE; Rialacha agus Rialachán 2021, Rialacha Coiteanna agus Rialachán 7.4.5, lch. 3, https://www.oecd.org/agriculture/seeds/documents/oecd-seed-schemes-rules-and-regulations.pdf, agus Scéimeanna Síolta ECFE; Guidelines for control plot tests and field inspection for seed crops, July 2019., Part III, p. 31 (Treoirlínte le haghaidh tástála ar dháileacht talún chóimheasa agus le haghaidh iniúchadh ar an láthair maidir le barr síl, Iúil 2019., Cuid III, lch. 31), https://www.oecd.org/agriculture/seeds/documents/guidelines-control-plot-and-field-inspection.pdf

(5) Agus é á chur san áireamh go n-éascaíonn úsáid TBM an anailís bhreise ar shíol agus ar phlandaí, is iomchuí Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE a leasú chun úsáid TBM a cheadú go sainráite mar mhodh forlíontach chun sainaitheantas an chineáil atá i gceist a scrúdú, i gcás ina bhfuil éiginnteacht fós ann i ndiaidh iniúchtaí ar an láthair agus rialú oifigiúil iar-aimseartha. Tá sé sin riachtanach chun dlí an Aontais a oiriúnú d'fhorbairt an eolais eolaíoch agus theicniúil agus chun reachtaíocht an Aontais a ailíniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme atá ionchorpraithe i Scéimeanna Síolta ECFE.

(6) Níor cheart tagairt a dhéanamh i dTreoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE ach do TBManna atá aitheanta ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV), ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach córasach na TBManna sin i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch agus theicniúil is nuashonraithe óir is iad na heagraíochtaí sin a shocraíonn na caighdeáin ábhartha TBM atá aitheanta go hoifigiúil i ndáil leis sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart na hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE a leasú dá réir sin, chun soiléireacht a áirithiú go bhféadfar TBM a úsáid freisin i gcás ina bhfuil éiginnteacht fós ann maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE

Leasaítear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE i gcomhréir le Cuid D den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE i gcomhréir le Cuid E den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Lúnasa 2022 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2022.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasuithe ar Threoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, dá dtagraítear in Airteagal 1

CUID A

Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE, cuirtear isteach an pointe 7 seo a leanas:

"7. Tar éis chur chun feidhme phointí 4 agus 6, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú."

CUID B

Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE, cuirtear isteach an pointe 8 seo a leanas:

"8. Tar éis chur chun feidhme phointí 3 agus 7, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú."

CUID C

Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE

I gcuid A. Barr d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE, cuirtear isteach an pointe 5a seo a leanas idir pointí 5 agus 6:

"5a. Tar éis chur chun feidhme phointí 2 agus 5, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú."

CUID D

Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE, cuirtear isteach an pointe 3a seo a leanas idir pointí 3 agus 4:

"3a. Tar éis chur chun feidhme phointí 1, 2 agus 3, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú."

CUID E

Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE, cuirtear isteach an pointe 3a seo a leanas idir pointí 3 agus 4:

"3a. Tar éis chur chun feidhme phointí 1 agus 3, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú."